Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9368/26**

**COH 82**
**CADREFIN 217**
**POLGEN 121**
**ECOFIN 621**
**ENV 516**
**TRANS 312**
**PECHE 178**
**JAI 603**
**ENER 249**
**MI 486**
**MAR 76**
**COMPET 576**
**SAN 305**
**SUSTDEV 41**
**RECH 221**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 199 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN maidir leis an Iorua a áireamh i Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún Mhuir Bhailt |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 199 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 199 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.5.2026
COM(2026) 199 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**maidir leis an Iorua a áireamh i Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún Mhuir Bhailt**

**AN IORUA A ÁIREAMH I STRAITÉIS AN AONTAIS EORPAIGH DO RÉIGIÚN MHUIR BHAILT**

## 1. Réamhrá

An 14 Nollaig 2007, ina conclúidí Uachtaránachta, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún Straitéis ón Aontas Eorpach do réigiún Mhuir Bhailt a thíolacadh. Tar éis na hiarrata sin, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle go forleathan le páirtithe leasmhara. An 10 Meitheamh 2009, ghlac sí an Teachtaireacht maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún Mhuir Bhailt[1] (dá ngairtear 'an Straitéis' anseo feasta), an chéad straitéis mhacrairéigiúnach de chuid an Aontais. D'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an Straitéis ina conclúidí an 29-30 Deireadh Fómhair 2009[2], agus d'iarr sí ar 'na gníomhaithe ábhartha uile gníomhú go tapa agus cur chun feidhme iomlán na Straitéise a áirithiú'.

D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil ar dhul chun cinn ina dhiaidh sin i mí an Mheithimh 2011. Ina conclúidí an 15 Samhain 2011, d'iarr an Chomhairle um Ghnóthaí Ginearálta ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Straitéis faoi thús 2012. An 23 Márta 2012, ghlac an Coimisiún teachtaireacht[3] inar fhreagair sé an iarraidh sin trí na nithe seo a leanas a mholadh (i) feabhsuithe ar an bhfócas straitéiseach agus ailíniú beartas agus maoiniúcháin, (ii) freagrachtaí na ngníomhaithe éagsúla lena mbaineann a shoiléiriú agus (iii) cumarsáid a fheabhsú.

Tá an Straitéis á cur chun feidhme ag ocht mBallstát (an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an tSualainn) agus tá sí bunaithe ar thrí chuspóir uileghabhálacha: *An Fharraige a Shábháil*, *an Réigiún a Nascadh* agus an *Rathúnas a Mhéadú*. Tugann na cuspóirí aghaidh ar dhúshláin choiteanna idirnasctha éagsúla sa réigiún, mar shampla oiriúnú don athrú aeráide, sábháilteacht mhuirí, fuinneamh, iompar, nascacht, iomaíochas agus cosaint shibhialta.

Chun cuspóirí na Straitéise a bhaint amach, tá gealltanas tugtha ag rialtais na dtíortha rannpháirteacha a dtosaíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha a ailíniú agus maoiniú ábhartha ón Aontas agus maoiniú ábhartha náisiúnta a shlógadh chun an plean gníomhaíochta a chur chun feidhme. Ó 2013 i leith, tugadh plean gníomhaíochta na Straitéise cothrom le dáta ceithre huaire chun tosaíochtaí réigiúnacha agus tosaíochtaí an Aontais a léiriú, chomh maith le riachtanais atá ag teacht chun cinn. Leis an bplean gníomhaíochta atá ann faoi láthair, a glacadh i mí Feabhra 2021[4], rinneadh an Straitéis a ailíniú a thuilleadh le cuspóirí an Aontais agus rinneadh a struchtúr a chuíchóiriú tríd an líon gníomhaíochtaí a laghdú, iad a ghrúpáil de réir 14 réimse beartais, agus aonad tacaíochta tiomnaithe a chruthú.

Dírítear sa Straitéis ar na Ballstáit a bhfuil teorainn acu le Muir Bhailt ach is díol sásaimh di an comhar le tíortha comharsanachta nach bhfuil san Aontas, lena n-áirítear an Iorua. An 7 Samhain 2025, chuir an Iorua iarraidh fhoirmiúil faoi bhráid Uachtaránacht na hEastóine ar an Straitéis chun páirt a ghlacadh sa Straitéis mar chomhalta iomlán. An 28 Samhain 2025,

[1] COM(2009) 248 final an 10 Meitheamh 2009.
[2] Conclúidí na Comhairle Eorpaí an 29 agus an 30 Deireadh Fómhair 2009 (EUCO 15265/1/09 REV 1).
[3] COM(2012) 128 final an 23 Márta 2012.
[4] SWD(2021) 24 final an 15 Feabhra 2021.

d'fhormhuinigh na hocht mBallstát atá rannpháirteach sa Straitéis agus a bhfuil ionadaíocht acu i nGrúpa na gComhordaitheoirí Náisiúnta an iarraidh sin. Tharchuir Uachtaránacht na Straitéise cinneadh Ghrúpa na gComhordaitheoirí Náisiúnta an Iorua a áireamh sa Straitéis chuig an gCoimisiún an 5 Nollaig 2025. Ina dhiaidh sin, chuir sé an Cinneadh faoi bhráid na Comhairle an 24 Márta 2026, inar iarradh ar an gComhairle an beart is gá a dhéanamh chun an Iorua a áireamh sa Straitéis mar an naoú tír rannpháirteach.

Sna conclúidí uaithi an 5 Bealtaine 2026, dúirt an Chomhairle gur díol sásaimh di an iarraidh ó na tíortha atá rannpháirteach sa Straitéis, agus ghlac sí léi. D'iarr sí ar an gCoimisiún Eorpach na bearta is gá a dhéanamh chun an Iorua a áireamh i Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún Mhuir Bhailt, chun an Straitéis a leasú dá réir sin, agus chun í a chur faoi bhráid na Comhairle.

## 2. An Iorua a áireamh sa Straitéis

### 1. An cúlra polaitiúil

Is comhpháirtí seanbhunaithe í an Iorua i réigiún Mhuir Bhailt. Thar na blianta, rannchuidigh an Iorua le hobair na réimsí beartais agus le roinnt tionscadal a reáchtáladh faoi chuimsiú na Straitéise. Glacann an Iorua páirt mar bhreathnóir i nGrúpa na gComhordaitheoirí Náisiúnta, an comhlacht cinnteoireachta is sinsearaí sa Straitéis, agus glacann sí páirt i gclár réigiúin Interreg Mhuir Bhailt, an phríomhfhoinse mhaoiniúcháin. Tá dlúthnasc idir an clár agus an Straitéis toisc go n-oibríonn siad sa limistéar geografach céanna agus go dtreisíonn siad a chéile go frithpháirteach. Leagtar amach sa Straitéis an creat straitéiseach agus na cuspóirí, agus cuireann clár Interreg maoiniú ar fáil do thionscadail lena gcuirtear na cuspóirí chun feidhme agus lena dtacaítear le rialachas na Straitéise.

Tar éis thús chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, cuireadh ar fionraí leis an Straitéis an comhar leis an Rúis agus leis an mBealarúis, rud a rinne tírdhreach polaitiúil agus geopholaitiúil an réigiúin a athmhúnlú a thuilleadh. Cé gur chuir an t-athrú sin srian beag ar raon feidhme na Straitéise chun dul i ngleic le dúshláin réigiúnacha chomhroinnte mar shampla truailliú, maolú ar an athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus bainistiú riosca muirí, tá dlús curtha ag páirtithe leasmhara lena gcomhar mar sin féin, lena n-áirítear comhar i dtaobh teagmhálacha praiticiúla laethúla ar fud leibhéil agus réimsí beartais éagsúla.

Sa chomhthéacs sin, agus i bhfianaise na bhforbairtí móra geopholaitiúla, comhshaoil agus eacnamaíocha i réigiún Mhuir Bhailt, mar aon le rannpháirtíocht sheanbhunaithe na hIorua sa Straitéis agus an spéis mhéadaitheach atá aici i gcomhar níos doimhne laistigh den mhacraiRéigiún, is iomchuí rannpháirtíocht na hIorua a chur ar bhonn foirmiúil ar comhchéim leis na hocht mBallstát a bhfuil an Straitéis á cur chun feidhme acu cheana féin.

### 2. Rannpháirtíocht na hIorua sa Straitéis

San aguisín seo a ghabhann leis an Teachtaireacht bhunaidh maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún Mhuir Bhailt an 10 Meitheamh 2009, leagtar amach róil agus freagrachtaí na hIorua i rialachas il-leibhéil na Straitéise agus a caidreamh le tíortha rannpháirteacha eile.

Agus í san áireamh sa Straitéis, beidh sé de cheart ag an Iorua páirt a ghlacadh i struchtúir rialachais uile na Straitéise, lena n-áirítear an Fóram Bliantúil, Grúpa na gComhordaitheoirí Náisiúnta, Grúpaí Stiúrtha na réimsí beartais agus aon chomhlacht rialachais eile. Glacfaidh sí

ról de chomhordaitheoir réimse beartais uirthi féin freisin. Rachaidh an Iorua i dteagmháil le páirtithe leasmhara ar leibhéil éagsúla (údaráis réigiúnacha agus áitiúla, an tsochaí shibhialta, gnólachtaí agus an saol acadúil), rud a léireoidh prionsabail rialachais il-leibhéil na Straitéise.

## 3. Conclúidí

Le cuimsiú foirmiúil na hIorua i Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún Mhuir Bhailt, neartófar a thuilleadh gné réigiúnach na Straitéise agus an nasc idir an Straitéis agus clár Interreg do Réigiún Mhuir Bhailt. Ina theannta sin, méadóidh sé an comhthiomsú saineolais agus acmhainní, neartóidh sé an comhar idir stáit sa réigiún agus áiritheoidh sé go dtabharfar aghaidh ar dhúshláin choiteanna ar bhealach níos éifeachtaí. Trí rannpháirtíocht ar comhchéim leis na tíortha rannpháirteacha eile, beidh an Iorua in ann a comhar a dhoimhniú i gcomhthéacs macrairéigiúnach agus tacú le cuspóirí na Straitéise a bhaint amach ar mhaithe leis an réigiún ar fad.